# Ceardlann 2: Bochtaineacht

**Acmhainní atá de dhith:**

- cur i láthair 2 (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh TFS)
- cártaí 'arbh fhearr leat' - íoslódáil 'Plean Ceachta agus Acmhainní' ceardlann a dó ón tsuíomh TFS
- cártaí carachtar - íoslódáil 'Plean Ceachta agus Acmhainní' ceardlann a dó ón tsuíomh TFS
- sreangán - ceangail sreangán leis na cártaí carachtar ionas go mbeidh na páistí ábalta iad a chaitheamh

**Achoimre ar an tseachtain seo caite**

An cuimhin libh cad a rinne muid ar an tseachtain seo caite? Cad é a d'fhoghlaim muid?(3 freagra)
Cad iad na tíortha a chuireann Tools for Solidarity na huirlisí chucu? A*n Tansáin agus an Mhaláiv (Tanzania and Malawi).*

**Cluiche le roghanna a dhéanamh ('Arbh fhearr leat...?')**

Suígí ar an urlár. (Suigh síos leis na páistí i bhfáinne.) An ndearna sibh cinntí ar bith inniu? Tabhair cúpla sampla dom. Chinn mé Wheetabix a ithe ar maidin. Cad fúibh? (Faigh 3 nó 4 sampla.)
Gheobhaidh gach duine cárta. Caithfidh tú ceist a chur ar an duine atá taobh leat agus caithfidh siad freagra a thabhairt uirthi. Ansin cuirfidh an duine sin ceist ort. Ina dhiadh sin déanaigí na cártaí a mhalartú. Faigh duine eile agus thig leat ceist a chur ar dhuine ar bith sa rang!
Ach caithfidh tú é a chur ar dhuine eile gach uair. (Tabhair amach na cártaí agus bí cinnte go bhfuil gach duine ag glacadh páirte. Tar éis 5/6 bomaite fill ar an chiorcal.) Cén ceist ab fhearr libh? Cén freagra ar thug tú uirthi? 3-4 freagra.

**Ciall leis an bhochtaineacht**

Cad is bochtaineacht ann? Cén ciall atá leis? (Tóg cúpla freagra.)
Tá ceithre riachtanas ann. Cad é do bharúil ar cad iad? Is é na ceithre riachtanas atá ann ná: uisce, bia, dídean agus rud éigin le tú a choinneáil te.
Má tá ceann de na riachtanais bhunúsacha ar iarraidh ag duine éigin, tá siad beo bocht. Tá siad i <u>bhfíor-bhochtaineacht</u>. Níl siad ach ag maireachtáil.
Má tá na ceithre riachtanais bhunúsacha ag duine éigin, ach chan riachtanais eile (riachtanais eile ar iarraidh acu) agus rudaí a ba mhaith leo/ a theastaíonn uathu... tá siad i <u>mbochtaineacht</u>.
An dóigh libh gur riachtanas bunúsach é airgead? Cuir i gcás go bhfuil dhá theach ann. Tá ceann amháin lán le hairgead. Tá an ceann eile lán le bia agus tá uisce ann chomh maith. Níl cead agat an teach a fhágáil, fuinneog a oscailt, scairt a chur ar chara ná dul ar an idirlíon – cén teach a mhairfeá ann?

**Cluiche na gcoiscéimeanna móra**

Imreoidh muid cluiche eile anois – caithfidh gach duine a gcuid súile a dhruidim. Samhlaigh go bhfuil d'fhéiniúlacht caillte agat. Ní tú féin thú a thuilleadh. Ach beidh sé i gceart. Tabharfaidh mise aitheantas eile duit. Thig libh bhur súile a oscailt anois. (Léigh gach cárta agus tabhair ról do gach duine.) Éistigí le gach carachtar. Caithfidh sibh a bheith ciúin agus ag éisteacht go cúramach leis an scéal. Ar mhaith le duine ar bith tús a chur le seo? Is tusa David, tá tú aon bhliain déag d'aois. (Lean ar aghaidh leis na daoine eile.)
Seasaigí i line leis an teaghlach. (Bí cinnte go dtosaíonn siad uilig san áit chéanna). Tá mé chun ráiteas a léamh. Más fíor é do do chlann, glac céim chun tosaigh. Muna bhfuil, glac céim siar. Muna bhfuil tú cinnte, cuir ceist orm. (Léigh amach na ráitis uilig.)
Anois, téigh ar ais chuig an chiorcal. Fan le do chlann agus fan i gcarachtar.

# Ceardlann 2: Bochtaineacht

**Aischothú ar an chluiche**
Cad iad na mothúcháin a bhí ort agus tú i do charachtar?
Cé hiad na daoine a bhfuil riachtanais bhunúsacha acu? Cé hiad na daoine nach bhfuil? An bhfuil barraíocht ag duine ar bith? Cé hiad?
An bhfuil duine ar bith i bhfíor-bhochtaineacht? An bhfuil duine ar bith i mbochtaineacht?
Anois, druidigí bhur gcuid súile, a haon, a dó, a trí. Tá tú ar ais chugat féin. Anois agus tú ar ais, léifidh mé na ráitis arís agus más fíor iad, cuirigí suas bhur lámha.
(Léigh na ráitis arís.)
Bhur mbarúil go bhfuil an t-ádh orainn go bhfuil na riachtanais bhunúsacha againn - agus tuilleadh?
Díreach sula gcríochnaíonn muid- cad iad an dhá chineál bochtaineachta? Cuirfidh muid an cheist sin oraibh ar an tseachtain seo chugainn le feiceáil an cuimhin libh. Go raibh maith agaibh. Tchífídh muid ar an tseachtain seo chugainn sibh.

# Cártaí 'Arbh fhearr leat...?'

Arbh fhearr leat bheith faoi glas:
a) in éanadán?
b) i ndoinsiún?
c) ar scoil?

Arbh fhearr leat teacht ar ais mar:
a) éan ?
b) toirtís?
c) leon?

Arbh fhearr leat a bheith i do chónaí le(is)
a) an badhbh badhbh?
b) Goldilocks?
c) An Seachtar Abhac?

Arbh fhearr leat bheith gan
a) teilifís?
b) na héadaí is fearr leat?
c) airgead?

An dóigh leat go mbeadh an t-aon riail ar an domhan ná
a) go mbeadh ar gach duine éadaí scoile a chaitheamh an t-am ar fad?
b) mionghháire a bheith ar dhaoine an t-am ar fad?
c) nach mbeadh cead ag duine airgead a chaitheamh?

Arbh fhearr leat nach mbeadh cead ag daoine a bheith
a) feargach?
b) brónach?
c) amaideach?

Arbh fhearr leat go raibh cuma... ort?
a) puisín
b) moncaí
c) frog

Arbh fhearr leat a bheith i do chónaí
a) ar an ghealach?
b) sa dufair?
c) faoin talamh?

Arbh fhearr leat go raibh cumhacht... ort?
a) Spiderman
b) conriocht
c) Daidí na Nollag

Arbh fhearr leat a bheith i do shuí i bhfolcadán lán le
a) pónairí?
b) péisteanna ag lúbarnaíl?
c) neantóga?

Arbh fhearr leat a bheith i seomra ina bhfuil:
a) daoine fásta leadránacha?
b) babaithe ag caoineadh?
c) madaidh ag tafann?

Arbh fhearr leat rud éigin a chumadh
a) mar leigheas ar shlaghdán?
b) crann le hairgead seacláide ag fás air?
c) ainmhithe atá ábalta labhairt?

# Cártaí 'Arbh fhearr leat...?'

| | | |
|---|---|---|
| Arbh fhearr leat a bheith... a) ar an duine is cliste ar an domhan? b) ar an duine is greannmhaire? c) ar an duine is cineálta? | Arbh fhearr leat a bheith ábalta... a) a bheith dofheicthe? b) intinn duine eile a thuiscint? c) an todhchaí a fheiceáil? | Cé acu arbh fhearr leat bheith páirteach ann? a) comórtas ithe seacláide b) rás c) comórtas snámha |
| Dá mbeadh ort deoch amháin a ól, cad é a d'ólfá? a) tae b) caife c) sú oráiste | Cé acu arbh fhearr leat cuairt a thabhairt air... a) an todhchaí? b) an ghealach? c) an t-am atá thart? | Cé acu arbh fhearr leat? a) gach leabhar a scríobhadh riamh a léamh? b) gach físchluiche a imirt? c) gach scannán a fheiceáil? |
| Cá háit arbh fhearr leat dul tráthnóna inniu: a) go dtí an phictiúrlann? b) go bialann deas le bia a fháil? c) ar eachtra rúnda? | Arbh fhearr leat a bheith i do a) cheoltóir clúiteach? b) aisteoir clúiteach? c) peileadóir clúiteach? | Cé acu arbh fhearr leat a bheith mar pheata agat a) toirtís? b) damhán alla? c) muc? |
| Arbh fhearr leat labhairt leis a) na crainn? b) na hainmhithe? c) eachtráin? | Arbh fhearr leat bheith gan... a) teilifís? b) raidió? c) guthán? | Cén dath ab fhearr leat a bheadh sa spéir go deo: a) corcra? b) glas? c) dearg? |

# Cártaí 'Arbh fhearr leat...?'

Arbh fhearr leat labhairt le
a) do shin-sin-seanmháthair ?
b) d'iaró?
c) leat féin?

---

Arbh fhearr leat
a) dhá mhadadh...
b) dhá inchinn...
c) dhá shaol...
a bheith agat?

---

Arbh fhearr leat
a) leabhar a dtiocfadh leis labhairt...
b) brat urláir a dtiocfadh leis eitilt...
c) mála milseáin nach mbeadh folamh riamh...
a cheannacht?

---

Arbh fhearr leat róbó
a) a dtiocfadh leis d'obair bhaile a dhéanamh?
b) a dtiocfadh leis slacht a chur ar do sheomra?
c) a dtiocfadh leis do ghlasraí a ithe?

---

Arbh fhearr leat
a) dineasár beo a bheith agat?
b) sparán nach mbeidh folamh riamh a bheith agat?
c) eochair ar dhoras rúnda a bheith agat?

---

Arbh fhearr leat a bheith i do
a) mhúinteoir?
b) d'fhuirseoir?
c) dhochtúir?

---

Arbh fhear leat go raibh milliún
a) punt...
b) cara...
c) bréagán...
agat?

---

Cé acu ab fhearr leat a bheith sa tóir ort...
a) foiche fheargach?
b) sióg chantalach?
c) arracht do do chigilt?

---

Cé acu ab fhearr leat ag an chóisir?
a) gadaí?
b) eachtrán?
c) cailleach?

---

Cé acu ab fhearr aire a thabhairt dó
a) fathach óg?
b) babaí ollmhór?
c) eilifint óg?

---

Cé acu lá is fearr leat...
a) an Cháisc?
b) an Nollaig?
c) do bhreithlá?

---

Cé acu arbh fhearr leat a dhéanamh inniu...
a) téigh sa tóir ar bhéar?
b) téigh go monarcha sheacláide?
c) tóg fear sneachta?

# Cártaí Carachtar

**Ainm:** David
**Aois:** 11 (aon bhliain déag d'aois)
**Áit cónaithe:** árasán beag i gceantar bocht i Nua Eabhrac
**Cé leis a bhfuil mé i mo chónaí:** mo mháthair
**Gairm bheatha s'aici:** freastalaí agus glantóir tí
**Caitheamh aimsire/spreagadh**: Cispheil agus stair. Ba mhaith liom níos mó am a chaitheamh ag imirt cispheile ach caithfidh mé cuidiú le mo mháthair mar bhíonn sí i gcónaí ag obair.

**Ainm:** Abbo
**Aois:** 12 (dhá bhliain déag d'aois)
**Áit cónaithe :** teach beag ina bhfuil dhá seomra in Uganda
**Cé leis a bhfuil mé i mo chónaí:** mo thuismitheoirí agus mo chúigear siblíní
**Gairm bheatha s'acu:** feirmeoirí
**Caitheamh aimsire/spreagadh:** Ba mhian liom go mbeadh go leor le hithe agam ach in amanna ní itheann muid i rith an lae. Ba mhaith liom dul ar scoil ach caithfidh mé cuidiú le mo thuismitheoirí ar an fheirm.

**Ainm:** Sophia
**Aois:** 12 (dhá bhliain déag d'aois)
**Áit cónaithe:** an Ghearmáin
**Cé leis a bhfuil mé i mo chónaí:** mo thuismitheoirí agus mo dheirfiúr
**Gairm bheatha s'acu:** Is dlíodóir í mo mháthair agus is tréidlia é mo dhaidí.
**Caitheamh aimsire / spreagadh:** Is maith liom spórt agus is ball d'fhoireann sacar mé. Téim chun na leabharlainne, is maith liom leabhair faoi ainmhithe a léamh mar ba mhaith liom a bheith i mo thréidlia cosúil le mo dhaidí.

# Cártaí Carachtar

**Ainm:** Angus
**Aois:** 13 (trí bliana déag d'aois)
**Áit cónaithe:** feirm sa Gharbhchríocha na hAlban
**Cé leis:** mo thuismitheoirí
**Gaim bheatha s'acu:** feirmeoirí
**Caitheamh aimsire / spreagadh:** Tá athruithe mór i ndiaidh teacht ar an aeráid. Chuir sé sin isteach go mór ar tháirgeadh s'againn agus tá fadhbanna móra againn ó thaobh airgid de. Is breá liom dul go dtí an phictiúrlann ach deir mo thuismitheoirí nach bhfuil go leor airgid againn le dul ann anois.

**Ainm:** Niamh
**Aois:** 17 (seacht mbliana déag d'aois)
**Áit cónaithe:** teach mór, Corcaigh
**Cé leis a bhfuil mé i mo chónaí:** tuismitheoirí agus beirt siblíní
**Gairm bheatha s'acu:** Is dochtúir é mo dhaidí; is léachtóir ollscoile í mo mhamaí.
**Caitheamh aimsire / spreagadh:** Tá mé ag dúil go mór le dul chun na hollscoile ar an bhliain seo chugainn.

**Ainm:** Abasi
**Aois:** 14 (ceithre bliana déag d'aois)
**Áit cónaithe:** Is as Syria mé ó dhúchas, ach tá cónaí orm anois i gcampa dídeanaithe.
**Cé leis a bhfuil mé i mo chónaí:** Téim a luí i seomra mór le cuid mhaith daoine eile.
**Caitheamh aimsire / spreagadh:** Ba mhaith liom teach a fháil agus dul ar scoil le mo chairde.

# Na Céimeanna Ollmhóra

1. D'fhreastail mé ar bhunscoil.

2 Tá seomra agam féin.

3. Tá go leor le hithe agus le hól agam.

4. Thig liom seacláid agus brioscaí a ithe.

5. Thig liom dul go dtí an phictiúrlann.

6. Thig liom na héadaí is maith liom a chaitheamh.

7. Thig liom amharc ar na cláracha teilifíse a thaitníonn liom.

8. Thig liom físchluichí a imirt.

9. Tá rochtain agam ar áiteanna shláintíochta; mar shampla tá leithreas agam sa teach.

10. Má tá tinneas orm, thig liom dul go dtí an dochtúir.